

Cruinniú 11: 23^ú Meán Fómhair 2022 sa Red Door Project

Tá Rannán Dhroichead Átha den Gharda Síochána ag leithdháileadh acmhainní ar sheachadadh chun ‘See Something Say Something’ atá le feidhmiú ar bhonn céimneach sna míonna atá romhainn. Tá roinnt tionscnaimh shábháilteachta poiblí eile á bhforbairt chun go seachadfar iad ag an am céanna agus socraíodh plean cumarsáide a fhorbairt chun a chinntiú go mbeidh eolas ag an bpobal ar na tionscnaimh seo agus iad á dtabhairt chun feidhme.

Cuireadh fáilte roimh fhógairt infheistíocht chaipitil in DIFE don Mhol Spóirt agus Pobail agus don bhloc Oideachas Tríú Leibhéal ag an Aire Simon Harris, agus sonraíodh gur ionchur suntasach iad maidir le gníomhartha 4.4 agus 6.4 de Phlean Feidhmiúcháin Thuairisc Dhroichead Átha.

Chuir an Bord fáilte roimh aimsiú acmhainní ag BOOLM ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i gcomhair post Oifigeach Óige i nDroichead Átha mar fhreagairt do roinnt gníomhartha sa Phlean agus sonraíodh gur líonadh an post cheana féin.

I ndiaidh modheolaíocht seachadta a mheas, shocraigh an Bord Measúnachtaí Tionchair Coiriúlachta Pobail i nDroichead Átha a fheidhmiú ar bhonn céimneach ar aon dul le gníomhartha 2.11 agus 4.8; cuirfear tús le próiseas soláthair sna seachtainí atá romhainn chun eagrais pobalbhunaithe éascaithe a shainiú.

Tá iniúchadh seirbhíse comhlánaithe ag an bhfoghrua Tacaíocht Teaghlaigh, Leanaí, Daoine Óga agus Oideachais de réir gníomh 5.2 den Phlean agus tá réimsí tosaíochta fócais á sainiú acu. Treisíonn an t-iniúchadh seo bearna i seirbhísí meabhairshláinte/comhairleoireachta faoi mar a sainiúodh i dTuairisc Dhroichead Átha agus sa Phlean Feidhmiúcháin araon agus tá socraithe ag an bhfoghrua bualadh le croípháirtithe leasmhara chun é seo a thabhairt chun cinn.

Tugadh suntas do roinnt forbairtí dearfacha faoi mhíreanna 9 (Bonneagar agus Sócmhainní Áitiúla) agus 10 (Fostaíocht, Fiontraíocht agus Forbairt) den Phlean, lena n-áirítear tabhairt chun cinn Trasbhealach Thuaidh Rochtain Chalafoirt (PANCR); dul chun cinn ar fhéile trí bliana Beochan Uirbeach Oíche Shamhna, ag tosú i mbliana; agus #LookingGoodDrogheda, comhoibriú idir Cumann Tráchtála Dhroichead Átha, BIDanna Dhroichead Átha, Comhairle Contae Lú, an Méara agus Baile Slachtmhara Dhroichead Átha.